



# FÓGRA SUÍMH

AN tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) - Cuid XI  
Rialacháin um Pleanáil & Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8

Tugtar fógra leis seo, de bhun fhorálacha Chuid XI, Alt 179 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus de réir cheanglais Chuid 8, Airteagal 81 agus Airteagal 83 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) go mbeartaíonn Comhairle Contae Chorcaí an fhorbairt seo a leanas a ghabháil ar láimh:

**Teideal an Tionscadail: Conair Shiúil Lúbtha Bhaile Mhontáin**

| LÁTHAIR   | CINEÁL & MÉID NA FORBARTHA  | SÚÍOMHANNA AGUS OIFIGÍ INAR FÉIDIR PLEANANNA AGUS SONRAÍ A INIÚCHADH  |
|---|---|---|
| <p><b>Láthair:</b><br/>Baile Mhontáin,<br/>Co. Cork</p> <p><b>Limistéar Tionscadail - Bailte Fearainn:</b><br/>Baile Mhontáin,<br/>Cill Mhichíl<br/>Thiar</p> | <p>Tá na hoibreacha seo a leanas i gceist leis an moladh chun conair shiúil lúbtha 3.5km nua a thógáil, ag leanúint bóthar réigiúnach R612 agus bóithre áitiúla L6512, L6513 agus L6515, agus lena n-áirítear cosán nua ar feadh thart ar 730 méadar ar an taobh thiar den R612 ag Baile Mhontáin:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Ag tógáil an chosáin coinchréite ag doimhneacht 100mm.</li> <li>Pábháil thadhlaigh a shuiteáil ag na trasrianta coisithe atá beartaithe.</li> <li>Comharthaíocht agus líneáil a shuiteáil feadh an chosáin atá beartaithe.</li> <li>Comharthaíocht a shuiteáil feadh na conaire siúil.</li> <li>Forálacha maidir le bithéagsúlacht agus tírdhrechtú.</li> </ul> <p>Déanfar oibreacha laistigh de na bóithre atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Chorcaí cheana féin.</p> | <p>1. Tá na pleananna agus na sonraí scéime atá beartaithe ar fáil le breathnú orthu ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí trí dhul chuig an rannóg pleanála ag <a href="http://www.corkcoco.ie">www.corkcoco.ie</a>.</p> <p>Tá cáipéisí ar fáil freisin ar taispeáint go poiblí ag:</p> <p>2. Forhalla Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, T12 R2NC.</p> <p>3. Oifig Cheantar Bardasach Charraig Uí Leighin, Bóthar an Teampaill, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí, P43 E281.</p> |


Is féidir Pleananna agus Sonraí na forbartha beartaithe a iniúchadh ar líne nó ag na láithreacha a shonraítear thuas ón **Aoine, 11 Lúansa 2023 go dtí Aoine, 8 Meán Fómhair 2023.**

Is féidir **Aighneachtaí nó Tuairimí** maidir leis an bhforbairt atá beartaithe, a dhéileáil le pleanáil chúil agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeidh an fhorbairt suite, a dhéanamh ag baint úsáide as an **bhfoirm aighneachta ar líne** ar [www.yourcouncil.ie](http://www.yourcouncil.ie) nó, i scríbhinn chuig **Innealtóir Sinsearach, Comhairle Contae Chorcaí, Oifig Deartha na mBóithre Réigiúnacha & Áitiúla, Uirlár 3, Foirgneamh Leabharlainne Contae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, T12 K335** nó trí ríomhphost chuig [part8.rlrdo@corkcoco.ie](mailto:part8.rlrdo@corkcoco.ie) agus caithfidh siad dul chomh fada leis an Innealtóir Sinsearach **ar 4i.n. nó roimhe sin Aoine 22 Meán Fómhair 2023.**

De réir Airteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), rinneadh cinneadh scagtha maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) agus cinneadh **nach bhfuil gá le Tuarascáil MTT.** De réir Airteagal 120 (3), arna leasú le S.I. Uimh. 296 de 2018, d'fhéadfá duine, **laistigh de 4 seachtaine** ó dháta an fhógra seo (ar nó roimhe seo **Aoine 8 Meán Fómhair 2023**), iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chinneadh scagtha i dtaobh an dóigh go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an gcomhshaol. Ba chóir aighneacht den sórt sin a sheoladh chuig an Rúnaí, An Bord Pleanála, 64, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

Ba cheart gach aighneacht nó tuairim a mharcáil go soiléir:

Teideal an Tionscadail: **“Conair Shiúil Lúbtha Bhaile Mhontáin”.**

  
John Slattery, Innealtóir Sinsearach

**DISPLAY COPY  
DO NOT REMOVE**

Dé hAoine 11 Lúansa 2023